# Cáin Iarchoimeádta Díbhinne

# Tuairisciú Fíor-Ama

## Deireadh Fómhair 2019

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Tuairisciú Fíor-Ama le haghaidh Cáin Iarchoimeádta Díbhinne. (CID)

### *1. Cúlra agus Comhthéacs*

D'fhógair an tAire Airgeadais, ina Ráiteas Buiséid ar an 8 Deireadh Fómhair 2019, próiseas nua bailiúcháin chun Cáin Iarchoimeádta Díbhinne a chur i bhfeidhm agus a bhailiú ó dhíbhinní agus dáiltí déanta ag cuideachtaí atá cónaitheach in Éirinn chuig daoine aonair. Is é cuspóir an phróisis nua seo ná cinntiú go n-íocann daoine aonair an tsuim cheart cánach ioncaim agus MSU ar íocaíochtaí díbhinne ag an am ceart.

Faoi láthair tá dualgas ag cuideachtaí atá cónaitheach in Éirinn faoi na forálacha atá leagtha amach i gCaibidil 8A de Chuid 6 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 cáin a iarchoimeád ar íocaíochtaí díbhinne agus dáiltí eile a dhéanann siad do dhaoine aonair atá cónaitheach in Éirinn.

Caitear le díbhinní a íoctar, chomh maith le dáiltí eile a dhéanann cuideachtaí atá cónaitheach in Éirinn le daoine aonair mar ioncam agus tá siad faoi dhliteanas cánach ioncaim ag ráta imeallach cánach ioncaim an duine aonair, is é sin an ráta cánach ioncaim is airde a bhfuil siad faoi dhliteanas ina leith. Tá Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) inmhuirir ar na híocaíochtaí chomh maith le ÁSPC i gcásanna áirithe freisin. Mar sin, cé go bhfuil DWT íoctha ar an díbhinn, d'fhéadfadh suim bhreise cánach a bheith dlite. Féadfaidh sé go mbeidh ró-íocaíochtaí cánach ina thoradh air seo, is é sin i gcásanna ina gcaithfidh daoine éileamh a dhéanamh ar aisíocaíochtaí cánach nó gearríocaíochtaí cánach, is és in cásanna ina mbíonn suim éagsúil cánach dlite ag daoine aonair do na Coimisinéirí Ioncaim.

Anois tá muid i dtréimhse nua-aimseartha ó thaobh na teicneolaíochta eolais agus cumarsáide ina gcuirtear deiseanna ar fáil le haghaidh tuairisciú fíor-ama. Faoin nua-aoisiú seo atá beartaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim a chur i bhfeidhm, beidh sé níos éasca an cháin cheart a íoc ag an am ceart.

### *2. Impleachtaí do Chuideachtaí agus Gníomhairí Iarchoimeádta Údaraithe (GIU)*

An phríomhaidhm leis an bpróiseas nua Cánach Iarchoimeádta Díbhinne ná go n-íocfaidh daoine aonair a fhaigheann ioncam díbhinne an cháin cheart ag an am ceart. Chun an toradh seo a bhaint amach, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ráta pearsanta iarchoimeádta ar fáil chun ligean do chuideachtaí a íocann díbhinní go díreach le daoine aonair an cháin iarchoimeádta díbhinne atá le baint ar son daoine aonair a ríomh. Déanfaidh an chuideachta tuairisciú fíor-ama do na Coimisinéirí

Ioncaim ar shuim chomhlán na díbhinne a íocadh agus ar an gcáin iarchoimeádta díbhinne ghaolmhar.  Chun é seo a oibriú, beidh ar chuideachtaí Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a fháil do gach duine aonair.

Faoin gcóras nua seo, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don chuideachta an tsuim CID atá le hasbhaint. Faoi láthair ní mór go n-íocfar leis na Coimisinéirí Ioncaim an cháin iarchoimeádta díbhinne uile a asbhaineadh faoin 14ú lá den mhí i ndiaidh an dáilte agus ní athróidh na dátaí seo sa phróiseas nua CID.

**Níl sé beartaithe na dátaí tuairisceáin ná na dátaí dlite le haghaidh cuideachtaí an CID asbhainte a íoc a athrú.**

Faoin reachtaíocht CID, foráiltear d'eintiteas ar a dtugtar an GIU. Ní mór an GIU a bheith údaraithe agus ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. Níl CID i bhfeidhm sa chás go ndéanann cuideachta atá cónaitheach in Éirinn dáileadh cuí chuig an GIU chun sochair duine atá i dteideal tairbhiúil don dáileadh, ar duine nach an GIU féin iad. Tá feidhm leis seo is cuma más duine dliteanach nó duine díolmhaithe é nó í an tairbhí deiridh. Faoin reachtaíocht CID, foráiltear nach mór don GIU go bunúsach feidhmiú ar son na cuideachta agus an scéim CID a oibriú nuair is iadsan a íocann an dáileadh.  Ní athróidh sé seo sa phróiseas nua CID. Leanfaidh an GIU de bheith freagrach as an CID ar son na cuideachta atá á híoc.

**3**. ***Impleachtaí d'Idirghabhálaithe Cáilitheacha (IC) agus Idirghabhálaithe Neamhcháilitheacha***

Is éard is IC ann ná eintiteas a fhéadann dáiltí a fháil ar son daoine eile, mar shampla, ar son ainmní nó taisceánaigh. Aithnítear é seo sa reachtaíocht CID, ina ndéantar foráil le haghaidh díolúine ag an bhfoinse i gcásanna mar sin. Chun go bhfaighfeadhidirghabhálaí díbhinní gan CID a bheith asbhainte ar son cliaint nach bhfuil faoi dhliteanas CID a íoc, ní mór don idirghabhálaí "Comhaontú Idirghabhálaí Cáilitheach" a bheith déanta acu leis na Coimisinéirí Ioncaim. Agus é sin á dhéanamh, beidh an t-idirghabhálaí ina "Idirghabhálaí Cáilitheach" (IC) faoin reachtaíocht CID. Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim de ligean do idirghbhálaithe IC catagóirí cistí ar leithligh agus éagsúil a chruthú agus a chothabháil, ar a dtugtar cistí díolmhaithe agus cistí dliteanacha. Roimh dháileadh a dhéanamh, féadfaidh an IC glacadh le dearbhuithe díolúine ó dhaoine neamhdhliteanacha agus fógraí ó idirghabhálaithe IC eile agus, de bhun na ndearbhuithe agus na bhfógraí seo, fógra a thabhairt i scríbhinn don chuideachta íoca maidir le cé acu an bhfuil an dáileadh chun tairbhe daoine

nach bhfuil faoi dhliteanais nó daoine atá faoi dhliteanas. Féadann na dáiltí do dhaoine neamhdhliteanacha a bheith íoctha ag an gcuideachta íoca go comhlán agus rachaidh siad isteach i gciste díolmhaithe an IC, agus rachaidh na dáiltí do dhaoine dliteanacha isteach sa chiste dliteanach. Leanfaidh sé seo ar aghaidh sa phróiseas nua.

Chun go mbeidh an córas nua ag feidhmiú i gceart, beidh ar na hidirghabhálaithe IC uimhir PSP a fháil do gach duine sula ndéantar dáileadh le duine aonair ar an 1 Eanáir 2021 nó dá éis.

***4. Impleachtaí le haghaidh daoine aonair atá ag fáil ioncaim ó dhíbhinní.***

Mar atá luaite roimhe seo, ís í príomhaidhm an phróisis nua seo ná cinntiú go n-íocann daoine aonair an tsuim cheart cánach ioncaim agus MSU ar íocaíochtaí díbhinne ag an am ceart. Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ráta cánach pearsanta ar fáil ionas go bhféadann faighteoir na díbhinne deiridh an tsuim chuí CID a íoc.

Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh faoin ráta cánach pearsanta ag tabhairt aird ar na rátaí cánach ioncaim agus MSU agus féadtar go mbeidh an ráta bunaithe ar ioncam measta agus ar eolas atá ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim. Beidh an ráta pearsanta ar fáil ag gach duine. Sa chás go n-athraíonn cúinsí an duine aonair, féadfaidh siad na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoi aon athrú ar chúinsí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an ráta pearsanta iarchoimeádta.

Cuirfear an t-ioncam díbhinne faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim ón íocóir ar fáil don duine aonair. Beidh suim na díbhinne, chomh maith leis an gcreidmheas i leith an CID íoctha, réamhlíonta ar thuairisceán cánach ioncaim an duine aonair. I gcás daoine aonair a ngearrtar cáin orthu faoin gcóras ÍMAT, beidh suim an ioncaim, chomh maith le creidmheas le haghaidh an CID íoctha ar Ráiteas Deireadh Bliana an duine aonair.

**Ó thaobh an duine atá ag fáil na díbhinne, tá a n-ioncam ó dhíbhinní incháinithe ag a ráta imeallach. Ní bheidh athrú air seo faoin bpróiseas CID nua, ach mar gheall ar fheidhmiú an iarcoimeáid phearsanta ag a ráta imeallach, simplítear an íocaíocht den tsuim cheart chánach.**

***5. Díolúintí.***

Níl sé beartaithe na díolúintí CID reatha a leasú, leanfaidh na díolúintí seo ar aghaidh.

***6. Sochair.***

Is é cuspóir an phróisis nua seo ná cinntiú go n-íocann daoine aonair an tsuim cheart cánach ioncaim agus MSU ar íocaíochtaí díbhinne ag an am ceart. Laghdóidh sé seo líon na gcásanna ina dtarlaíonn ró-íocaíochtaí agus gearríocaíochtaí cánach agus laghdóigh sé ar deireadh an costas riaracháin a bhaineann le cáin ioncaim agus MSU a bhailiú agus a aisíoc.

***7. Achar ama chun seachadadh***

Tá sé beartaithe go mbeidh an próiseas tuairiscithe fíor-ama le haghaidh CID i bhfeidhm do gach díbhinn íoctha ar an 1 Eanáir 2021 nó dá éis.

***8. Próiseas Comhairliúcháin***

Is suim leis na Coimisinéirí Ioncaim tuairimí cuideachtaí, IC, neamh-IC, GUIanna, stocbhróicéirí, scairshealbhóirí, comhlachtaí ionadaíocha agus aon duine leasmhara eile. Ag cur leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí seo, rachaidh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil go díreach le comhlachtaí ionadaíocha cuí maidir le tuairisciú fíor-ama le haghaidh CID, go háirithe agus na mionsocruithe atá mar bhunús leis an bpróiseas seo á bhforbairt.

***Aighneachtaí don Phróiseas Comhairliúcháin***

Beidh an próiseas comhairliúcháin phoiblí seo ar siúl ón 9 Deireadh Fómhair go dtí an 12 Nollaig 2019. Ní ghlacfar le haon aighneachtaí faighte tar éis an dáta seo.

Cuir freagra tríd an ríomhphost chuig: realtimeDWT@revenue.ie.

Agus freagra á chur againn, cur in iúl dúinn más cuideachta thú, IC, neamh-IC, GUI, stocbhróicéir, scairshealbhóir, comhlacht ionadaíoch nó duine leasmhar eile.

Tá freagraí ar an gcomhairliúcháin seo faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, in imeacht ama, gach aighneacht faighte mar chuid den chomhairliúchán seo a fhoilsiú ar www.revenue.ie.